Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12123/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0258 (NLE)**

**TRANS 552**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus ar na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN) |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus ar na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) i bhfeidhm an 29 Eanáir 1968. Tháinig an Comhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN) i bhfeidhm an 28 Feabhra 2008.

(2) De bhun Airteagal 14 de ADR, féadfaidh aon Pháirtí Conarthach leasú amháin nó níos mó a mholadh ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ADR. Is í an Mheitheal um Iompar Earraí Contúirteacha (WP.15) an comhlacht atá inniúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le glacadh aon leasuithe den sórt sin. De bhun Airteagal 20 de ADN, féadfaidh aon Pháirtí Conarthach leasú amháin nó níos mó ar na Rialacháin atá i gceangal le ADN a mholadh. Is é an Coiste Riaracháin arna bhunú faoi ADN an comhlacht atá inniúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le haon leasuithe den sórt sin a ghlacadh. Le linn na tréimhse dhá bhliain idir 2020 agus 2022, ghlac an Mheitheal um Iompar Earraí Contúirteacha (WP.15) agus Coiste Riaracháin ADN leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ADR agus ar na Rialacháin atá i gceangal le ADN, faoi seach, ar tugadh fógra ina leith do Pháirtithe Conarthacha ADR an 6 Iúil 2022 agus do Pháirtithe Conarthacha ADN an 1 Iúil 2022.

(3) De bhun Airteagal 14 de ADR, measfar go nglacfar le leasuithe atá beartaithe ar na hIarscríbhinní mura ndéanfaidh aon trian ar a laghad de na Páirtithe Conarthacha, nó cúig cinn acu má théann aon trian thar an bhfigiúr sin, agóid i gcoinne na leasuithe sin laistigh de thrí mhí ón dáta a scaip an tArdrúnaí na leasuithe atá beartaithe. De bhun Airteagal 20 de ADN, measfar gur glacadh le haon dréachtleasú ar na Rialacháin atá i gceangal le ADN mura rud é go ndéanann aon trian ar a laghad de na Páirtithe Conarthacha, nó cúig cinn acu má théann aon trian thar an bhfigiúr sin, agóid i gcoinne na leasuithe sin laistigh de thrí mhí ón dáta a scaip an tArdrúnaí iad.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na leasuithe sin ar ADR agus ar ADN a bhunú toisc go mbeidh siad ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus toisc go bhféadfaidh siad tionchar cinntitheach a bheith acu ar a bhfuil i ndlí an Aontais, eadhon Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Leis an Treoir sin, leagtar síos ceanglas le haghaidh iompar earraí contúirteacha de bhóthar, d'iarnród agus ar uiscebhealaí intíre laistigh, ceanglas a mbeidh feidhm leo laistigh de na Ballstáit nó eatarthu, trí thagairt a dhéanamh do ADR agus ADN. Ina theannta sin, luaitear sa Treoir sin go bhfuil iompar earraí contúirteacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha le húdarú a mhéid a chomhlíonfar ceanglais ADR, na Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID) agus ADN. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2008/68/CE, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún Iarscríbhinn I, Roinn I.1 agus Iarscríbhinn III, Roinn III.1 a ghabhann le Treoir 2008/68/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, go háirithe chun na leasuithe ar ADR, RID nó ADN a chur san áireamh.

---

[1] Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha, (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13.)

(5) Ní Páirtí Conarthach in ADR ná in ADN é an tAontas. Mar sin féin, ní chuireann sin bac air a inniúlacht a fheidhmiú trí sheasamh a chur ar bun trína institiúidí, seasamh atá le glacadh thar a cheann sa chomhlacht a cuireadh ar bun le ceachtar de na Comhaontuithe, go háirithe trí na Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad i gceachtar de na Comhaontuithe sin ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

(6) Is Páirtithe Conarthacha in ADR iad na Ballstáit uile agus cuireann siad i bhfeidhm é, agus is Páirtithe Conarthacha in ADN iad 13 Bhallstát agus cuireann siad i bhfeidhm é.

(7) Na leasuithe atá beartaithe, is é is aidhm dóibh a áirithiú gur go sábháilte éifeachtúil a iomprófar earraí contúirteacha, agus dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil san earnáil, chomh maith le forbairt substaintí agus earraí nua a d’fhéadfadh a bheith contúirteach le linn a n-iompartha, á gcur san áireamh. Is cuid lárnach de bheartas coiteann iompair na hEorpa é iompar earraí contúirteacha de bhóthar agus ar uiscebhealaí intíre a fhorbairt, laistigh den Aontas agus idir an tAontas agus tíortha comharsanachta araon, agus áirithítear leis feidhmiú ceart na mbrainsí tionsclaíocha uile a tháirgeann nó a úsáideann earraí atá aicmithe mar earraí contúirteacha faoi ADR nó ADN.

(8) Meastar gurb iomchuí na leasuithe atá beartaithe le haghaidh iompar sábháilte earraí contúirteacha ar bhealach atá costéifeachtach, tá údar cuí leo agus siad tairbhiúil, agus dá bhrí sin ba cheart don Aontas tacú leo.

(9) Tá seasamh an Aontais a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ADR agus leis na leasuithe ar na Rialacháin atá i gceangal le ADN le cur in iúl ag na Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad in ADR agus in ADN, faoi seach, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo+ an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na leasuithe a ghlac an Mheitheal um Iompar Earraí Contúirteacha (WP.15) ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ADR agus maidir leis na leasuithe a ghlac Coiste Riaracháin ADN ar na Rialacháin atá i gceangal le ADN.

Féadfar mionathruithe ar na leasuithe dá dtagraítear sa chéad mhír a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle, i gcomhréir le hAirteagal 2.

*Airteagal 2*

Is iad na Ballstáit ar páirtithe conarthacha in ADR agus in ADN iad, faoi seach, a chuirfidh siad in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ADR agus na leasuithe ar na Rialacháin atá i gceangal le ADN, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais.

---

+ Toscaireachtaí: féachaigí doiciméad ST 12399/22.

*Airteagal 3*

Foilseofar tagairt do na leasuithe a glacadh ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ADR agus ar na Rialacháin atá i gceangal le ADN in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, lena léireofar dáta a dteacht i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*